www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

**General Certificate of Secondary Education**
**2013**

# Teicneolaíocht agus Dearadh

## Aonad 2:
## Córais agus Rialú

## Mír 1: Córais Rialaithe Leictreonacha agus Mhicrileictreonacha

**[GTD21]**

**DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh. **Ná scríobh le peann luaidhe ná le peann glóthaí.**
Freagair na ceisteanna **uilig**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

www.xtrapapers.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com


## Foirmlí Theicneolaíocht agus Dearadh GCSE

**Ba chóir duit, san áit ar cuí sin, na foirmlí thíos a úsáid agus tú ag freagairt ceisteanna a bhfuil áirimh iontu.**

**1** Difríocht Poitéinsil = sruth × friotaíocht ($V = I \times R$)

**2** Faoi choinne roinnteoir poitéinsil

$$V_2 = \frac{R_2}{R_1 + R_2} \times V_T$$




**3** Sraithfhriotóirí $R_T = R_1 + R_2 + R_3$ *srl*

Friotóirí Comhthreomhara $\frac{1}{R_T} = \frac{1}{R_1} + \frac{1}{R_2}$ nó $R_T = \frac{R_1 \times R_2}{R_1 + R_2}$

**4** Tairiseach Ama $T = R \times C$

**[Tiontaigh an leathanach**

8116.02

www.xtrapapers.com

Freagair na ceisteanna **uilig**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** **(i)** Déan sceitse den tsiombail do thrasraitheoir NPN sa spás thíos.


[2]

**(ii)** Lipéadaigh agus ainmnigh go soiléir gach ceann de **3** chos an trasraitheora. [3]

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfaí trasraitheoir a lascadh air nuair a úsáidtear é i gciorcad.

______________________________________________ [2]

**(b)** Taispeánann **Fíor 1** léaráid chiorcaid de Roinnteoir Voltais.




**Fíor 1**

8116.02

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Luaigh ainm eile ar an chiorcad seo.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh na comhbhaill atá léirithe leis na siombailí leictreonacha **A** agus **B** i **bhFíor 1**.

**A** ______________________________________________ [1]

**B** ______________________________________________ [1]

**(iii)** Cad é an cineál de lasc a thaispeántar ag **C** i **bhFíor 1**?

______________________________________________ [1]

**(iv)** Déan tagairt do na comhbhaill atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C** i **bhFíor 1** agus mínigh an dóigh a mbaintear aschur amach ag pointe **X**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(c)** Tá forbairt le déanamh ar an chiorcad i **bhFíor 1** trí fhriotóir agus DAS (*LED*) a chur idir na ráillí **9 V** agus **0 V** ag pointí **D** agus **E**.

**(i)** Léirigh na páirteanna breise seo sa chiorcad i **bhFhíor 1**. [4]

**(ii)** Déan tagairt don chomhbhall lipéadaithe **C** agus mínigh an dóigh a bhfeidhmeoidh na páirteanna breise sa chiorcad.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Cad é an fheidhm a bheidh leis an pháirt bhreise seo sa chiorcad?

______________________________________________________________ [1]

**(iv)** Abair go bhfuil an DAS (*LED*) rátaithe ag 2 V, 6 mA, ríomh an luach íosta is cóir a úsáid don fhriotóir sa spás thíos.

[4]

**(d)** Is forbairt breise sa chiorcad é trasraitheoir NPN a chur isteach le hathshheachadán a fheidhmiú nuair is gá.

**(i)** Cuir an trasraitheoir NPN agus an corna athsheachadáin isteach sa chiorcad i **bhFíor 1** leis an fhorbairt seo a fheidhmiú. Cuir comhbhaill bhreise ar bith atá de dhíth isteach fosta. Lipéadaigh an corna athsheachadáin go néata. [7]

**(ii)** Luaigh ainmneacha comhbhaill bhreise ar bith a mbaintear úsáid astu sa chiorcad, agus na fáthanna, sa spás thíos.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [4]

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar úsáid fhéideartha **amháin** don athsheachadán sa chiorcad seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]


| Iomlán Cheist 1 | |
|---|---|
| | |

8116.02

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Taispeánann **Fíor 2** clár ciorcad le ciorcad micririalaitheora.



**Fíor 2**

© New Wave Concepts Ltd

**(a)** Luaigh modh le ciorcad leictreonach a shamhaltú.

______________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh buntáiste a bhaineann leis an mhodh samhaltaithe seo a úsáid.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Baintear úsáid as ionchuir analógacha agus ionchuir dhigiteacha i gciorcaid mhicririalaitheora. Déantar iad a shainiú de ghnáth de réir an dóigh a bhfeidhmíonn siad istigh i gciorcad.

Tabhair breac-chuntas ar an difríocht idir comhartha ionchur digiteach agus comhartha ionchur analógach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Sainaithin an comhbhall digiteach nó comhbhall analógach é gach comhbhall le **Tábla 1** a chomhlánú.


**Tábla 1**

| Comhbhall | Digiteach/Analógach |
|---|---|
| Taispeántas 7 dTeascán | |
| Lasc Scoránaithe | |
| FSS (*LDR*) | |
| Lasc Sheachadta | |

[4]

**(e)** Taispeánann **Fíor 3** cuid de chiorcad bunúsach micririalaitheoir RCF (*PIC*).

Cuir na rudaí seo a leanas sa chiorcad pháirt-chomhlánaithe i **bhFíor 3**; na siombailí do fhriotóir 10 kΩ ag pointe **A**, do FSS (*LDR*) ag pointe **B**, do lasc scoránaithe ag pointe **C** agus do fhriotóir 1 kΩ ag pointe **D**.




**Fíor 3**

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(f)** Caithfidh dalta micreaphróiseálaí RCF (*PIC*) a úsáid le ciorcad leictreonach do sholas oíche rothlach a dhearadh. Tá an solas oíche le feidhmiú go huathoibríoch nuair a lasctar an lasc scoránaithe air. Feidhmeoidh FSS (*LDR*) mar bhraiteoir a aithneoidh nuair a éireoidh an seomra dorcha. Rialóidh micreaphróiseálaí RCF (*PIC*) mótar agus roinnt DASanna (*LEDs*).

Tá 2 ionchur agus 5 aschur ag an RCF (*PIC*).

Tá na hionchuir agus na haschuir á dtaispeáint i **dTábla 2** agus **3**.

Nuair atá an seomra dorcha tá ionchur an FSS (*LDR*) ard.

Dénárthán 1, léiríonn sé ard (air) agus dénárthán 0, léiríonn sé íseal (as).

**Painéil Dhigiteacha**

**Tábla 2**

| GIOTÁN | 1 | 0 |
|---|---|---|
| Ionchur RCF (*PIC*) | Lasc Scoránaithe | FSS (*LDR*) |

**Tábla 3**

| GIOTÁN | 4 | 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|
| ASCHUR RCF (*PIC*) | Mótar | DAS (*LED*) Gorm | DAS (*LED*) Glas | DAS (*LED*) Buí | DAS (*LED*) Dearg |

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Comhlánaigh sraith sreabhchairteacha leis na gnáthaimh oibriúcháin seo a leanas a léiriú:

**(i)** Comhlánaigh sreabhchairt agus na patrúin ghiotán ábhartha aici i **bhFíor 4** leis an mhacra SOILSE a léiriú mar seo a leanas:

Caithfidh na DASanna (*LEDs*) dearga agus buí lascadh air ar feadh 6 shoicind. Dhá shoicind i ndiaidh do na DASanna (*LEDs*) dearga agus buí lascadh air, ba chóir go lascfadh na DASanna (*LEDs*) glasa agus gorma air ar feadh 4 shoicind. Ba chóir go lascfadh na DASanna (*LEDs*) uilig as ansin. I ndiaidh moill 2 shoicind ba chóir go lascfadh na DASanna uilig air agus fanacht lasta ar feadh 10 soicind sula lascfadh siad uilig as. Beidh deireadh leis an mhacra ansin.

| | SOILSE ↓ | | | PATRÚN GIOTÁN |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

[9]

**Fíor 4**

www.xtrapapers.com

**(ii)** Comhlánaigh an tsreabhchairt i **bhFíor 5** agus na patrúin ghiotán ábhartha aici leis an mhacra SOILSE MÓTAIR a léiriú mar seo a leanas:

Lascfaidh an mótar **air** ar feadh 2 shoicind. Lascfaidh an mótar **air** ansin ar feadh 10 soicind eile agus na DASanna (*LEDs*) uilig lasta. Lascfaidh an mótar agus DASanna (*LEDs*) **as** agus beidh deireadh leis an mhacra.

| | SOILSE MÓTAIR ↓ | | | **PATRÚN GIOTÁN** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

[6]

**Fíor 5**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

8116.02

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Bain úsáid as **Fíor 6** leis an tsreabhchairt ar an fheidhmiú iomlán den solas oíche a chomhlánú.

Nuair a lasctar an lasc scoránaithe AIR agus éiríonn an seomra dorcha, ba chóir go dtarlódh an seicheamh seo a leanas:

- Ba chóir go lascfadh an mótar AIR ar feadh 25 soicind
- Ba chóir go bhfeidhmeodh macra na SOILSE 20 uair
- Ba chóir go bhfeidhmeodh an macra SOILSE MÓTAIR
- Ba chóir go ndéanfaí an seicheamh arís agus arís an fad a bheadh an seomra dorcha

8116.02

www.xtrapapers.com

| | TÚS | | | PATRÚN GIOTÁN |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

[12]

**Fíor 6**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 2 | |
| | |

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.